2025/347

19.2.2025

Fógra lena leasaítear Rialacha Nós Imeachta agus Cód Iompair do chomhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (Bealtaine 2022)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 149 an 31 Bealtaine 2022)

Ar leathanach 51, Airteagal 11(1), an chéad fhomhír:

in ionad:	‘1. Is féidir le haon duine, comhalta nó fostaí, gearán a chur faoi bhráid an Choiste Eitice maidir le hiompar comhalta.’,
léitear:	‘1. Is féidir le haon duine, comhalta nó fostaí, gearán a chur faoi bhráid an Choiste Eitice maidir le hiompar comhalta (féach an Aguisín).’.

Cuirtear an Aguisín seo a leanas leis an ngníomh:

‘**AGUISÍN**

CINNEADH ARNA GHLACADH AG AN mBIÚRÓ

an 22 Deireadh Fómhair 2024 tar éis iarraidh a fháil léirmhíniú a thabhairt ar Airteagal 11(1) de Chuid III den Chód Iompair

I gcomhréir le Riail 12(8) de Rialacha Nós Imeachta Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, tháinig an Biúró ar chomhaontú i dtaobh an léirmhínithe seo a leanas ar Airteagal 11(1) de Chuid III den Chód Iompair: is comhaltaí agus fostaithe de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus iadsan amháin, a fhéadfaidh gearán a chur faoi bhráid an Choiste Eitice.’